# Ráiteas Straitéise 2019–2021

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

**Arna fhoilsiú den chéad uair i mí Eanáir 2019**
**ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**
**16–22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, D07 CR20.**

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2019

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agusComhionannas (IHREC) faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duineagus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chuncultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrthaa chur chun cinn, chun tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta anduine agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus chun oibriú i dtreo mí-úsáidí chearta an duine agus idirdhealú a dhíbirt.

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| An Brollach | 1 |
| Cé muid féin | 2 |
| An Coimisiún | 3 |
| Ár bhFís | 4 |
| Ár Misean | 4 |
| Ár Luachanna | 5 |
| Tosaíochtaí Straitéiseacha | 6 |
| Úsáid Acmhainní faoi Alt 25(2) | 8 |
| Tionchar | 8 |
| Ráiteas Alt 42 | 9 |

## ÁR GCEITHRE THOSAÍOCHT STRAITÉISEACHA Ó 2019 GO 2021:

1. Cearta na ndaoine aonair a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint
2. Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas
3. Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine
4. Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú

# AN BROLLACH

Tá an-áthas orm an dara Ráiteas Straitéise a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais thar ceann Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, de bhun alt 25 (1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún sa reachtaíocht a Ráiteas Straitéise a ullmhú gach trí bliana agus a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

Cuimsíonn an dara Ráiteas Straitéise seo an tréimhse ó 2019 go 2021.

Is iad ár sainordú reachtúil, arna leagan amach inár reachtaíocht bhunaithe, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, Prionsabail Pháras de chuid na Náisiún Aontaithe a shocraíonn na caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh forais náisiúnta um chearta an duine, agus caighdeáin a forbraíodh le haghaidh comhlachtaí náisiúnta um chomhionannais ón gCoimisiún Eorpach agus Comhairle na hEorpa a chuireann bonn eolais faoinár bplean.

Agus an ráiteas straitéise seo á ullmhú, agus de réir alt 25 (3) den Acht, chuamar i mbun comhairliúcháin le heagraíochtaí a bhaineann le cur chun cinn nó cosaint chearta an duine nó comhionannais. Ina theannta sin, fanaimid ar an eolas faoi dhea-chleachtas idirnáisiúnta trí líonraí réigiúnacha agus idirnáisiúnta le comhghleacaithe i bhforais chosúla i ndlínsí eile.

Mar Choimisiún, chomhaontaíomar ceithre sprioc straitéiseacha as seo go ceann trí bliana:

- Cearta na ndaoine aonair a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint
- Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas
- Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine
- Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú

Is mór againn rannpháirtíocht an lear mhóir daoine a bhfuil spéis acu i gcearta an duine agus comhionannas in Éirinn a chur chun cinn agus a chosaint. Agus an ráiteas seo á fhoilsiú againn, roinnimid ár misean chun sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn agus a chuireann chun cinn iad.

**Emily Logan**
*An Príomh-Choimisinéir*
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

# CÉ MUID FÉIN

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas foras náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus comhlacht náisiúnta na hÉireann um an gcomhionannas.

Cinneann 15 chomhalta an Choimisiúin ár gcuid oibre go neamhspleách; cheap ár gCeann Stáit, an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn na comhaltaí, agus tá siad freagrach go díreach do Thithe an Oireachtais.

Leagtar amach inár reachtaíocht bhunaithe, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ár sainordú chun cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn. Ina theannta sin, éilítear orainn forbairt cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát.

Tacaíonn an Stiúrthóir agus foireann an Choimisiúin linn.

Tá réimse leathan i gceist lenár gcuid oibre, ó oibriú ar leibhéal beartais chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an dlí, an bheartais agus an chleachtais a bhaineann le cearta an duine agus leis an gcomhionannas sa Stát agus laistigh de chomhlachtaí poiblí go hoibriú le pobail agus leis an tsochaí shibhialta chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fhíorthaithí na ndaoine ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas.

Áirítear lenár gcumhachtaí dlíthiúla cúnamh praiticiúil a thabhairt, lena n-áirítear cúnamh dlí chun tuiscint a thabhairt do dhaoine ar an gcaoi lena gcearta a bhaint amach. Déanaimid idirghabháil freisin mar *amicus curiae* sna hUaschúirteanna i gcásanna a bhaineann le cearta an duine nó cearta comhionannais.

Is cuma má bhítear ag tabhairt aghaidh ar imní aonair, i mbun plé leis an rialtas nó le comhlachtaí poiblí ar shaincheisteanna beartais agus cleachtais nó ag méadú feasachta i measc an phobail ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, is é an tasc atá romhainn sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn agus a chuireann chun cinn iad.

# COMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN


Emily Logan
An Príomh-Choimisinéir


Teresa Blake SC


Frank Conaty


Patrick Connolly


An tOllamh Caroline Fennell


Heydi Foster Breslin


Tony Geoghegan


David Joyce


Salome Mbugua


Sunniva McDonagh SC


An tOllamh Siobhán Mullally


An tOllamh Ray Murphy


An Dr Fidèle Mutwarasibo


Colm O' Dwyer SC


Orlagh O' Farrell

## ÁR BHFÍS

Is é ár bhfís go mbeadh Éire chuimsitheach againn ina léirítear meas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, ina gcuirtear chun cinn iad agus ina mbaintear amach iad do gach duine, i ngach áit.

## ÁR MISEAN

Is é ár misean sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn agus a chuireann chun cinn iad.

# LUACHANNA

Sainmhíníonn ár luachanna an chaoi a dtugaimid faoinár gcuid oibre, an chaoi a n-oibrímid mar Choimisiún agus an chaoi a bpléimid le daoine a chónaíonn sa stát seo. Creidimid go bhfuil ár luachanna an-tábhachtach dár gcultúr, agus riachtanach dár bhfeidhmíocht mar eagraíocht.

## Neamh-idirdhealú agus Comhionannas

Táimid tiomanta do thacú leis na daoine a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach mar chuid de chosaint chearta an duine agus comhionannais do chách.

## Meas

Tógaimid meas agus iontaoibh trína aithint chomh luachmhar is atá an méid a chuireann gach duine inár n-eagraíocht agus gach duine lena n-oibrímid lenár gcuid oibre chomh maith lena dtionscnaíocht. Agus meas againn ar an iontaoibh atá asainn, tugaimid faoinár gcuid oibre ar na caighdeáin ghairmiúla is airde.

## Neamhspleáchas

Is mór againn ár neamhspleáchas agus gníomhaímid, nuair nach féidir le daoine eile é a dhéanamh i gcónaí, chun cearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn. Gníomhaímid bunaithe ar fhianaise den chaighdeán is airde agus ar chinnteoireacht fhónta.

## Cuntasacht

Táimid go hiomlán tiomanta do luachanna na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta don phobal agus don Oireachtas.

## Rannpháirteachas

Aithnímid neamhspleáchas pearsanta agus féinchinntiúchán na ndaoine uile a bhfuil cearta acu agus iad siúd ar a bhfuil dualgais. Táimid tiomanta do dhearcthaí daoine eile a chloisteáil agus foghlaim uathu.

## Freagrúil

Táimid freagrúil ar dheiseanna chun ár misean a chur chun cinn, agus cinntímid go dtacaíonn ár rialachas, acmhainní agus bealaí oibre leis an gcur chuige sin.

## Comhoibríoch

Comhoibrímid ar fud na heagraíochta agus taobh amuigh di ionas go ngníomhóimid go prap agus go héifeachtach.

## **TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1:** Cearta na ndaoine aonair a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach a chosaint

### Cuspóirí

- A chinntiú trí fheachtais eolais phoiblí agus teagmháil idirghníomhach dhigiteach go bhfuil tuiscint fhorleathan ar chearta agus comhionannas daoine aonair agus ar na bealaí chun iad a bhaint amach.
- An t-eolas, na scileanna agus an fhaisnéis a theastaíonn a thabhairt do dhaoine a bhfuil idirdhealú agus sárú ar chearta an duine rompu chun a gcearta a bhaint amach.
- Cabhrú le daoine aonair i gcásanna a bhfuil imní faoi leith fúthu chun a gcearta a bhaint amach trínár gcumhachtaí forfheidhmithe.

### Torthaí

- Feasacht níos fearr i measc an phobail ar chearta agus comhionannas agus tuiscint ar na mbealaí chun iad a bhaint amach.
- Rannpháirtíocht níos mó idir foireann an Choimisiúin agus na daoine sin a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach trí Do Chearta agus pointí rochtana eile.
- Dlíthíocht straitéiseach éifeachtach, lena n-áirítear úsáid ár bhfeidhme *amicus curiae* os comhair na nUaschúirteanna.

## **TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2:** Tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus cleachtas

### Cuspóirí

- An rialtas, comhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí agus gnóthaí a thabhairt chun cuntais.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise trí chlár taighde gníomhach agus leanúnach.
- Ár gcumhachtaí forfheidhmithe a úsáid, lena n-áirítear tabhairt faoi fhiosrúchán, de réir mar is cuí agus is oiriúnaí, agus tosú, ag cur Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine i bhfeidhm.

### Torthaí

- Tionchar níos fearr ag ár n-idirghabhálacha ar fud na bhfeidhmeanna ar fad.
- Feasacht níos airde faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus cur i bhfeidhm feabhsaithe an dualgais sin.
- Comhlíonadh éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine trí fhorfheidhmiú.

## **TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3:** Plé leis na príomheagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus sárú ar chearta an duine

### Cuspóirí

- Rannpháirtíocht an phobail in obair an Choimisiúin a mhéadú.
- Caidrimh leis an tsochaí shibhialta a threisiú agus timpeallacht chumasaithe a chothú d'fhorbairt chearta an duine, lena n-áirítear trí struchtúir fhoirmiúla na gcoistí comhairleacha.
- Plé le haon eagraíocht a bhaineann lenár sainordú agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn.

### Torthaí

- Measann an tsochaí shibhialta, páirtithe leasmhara eile agus daoine aonair go bhfuil an Coimisiún oscailte, freagrúil agus measúil.
- Leathnaíonn an Coimisiún eolas ar ár gcuid oibre go náisiúnta agus cuirimid le daoine sa mhórphobal ag úsáid ár gcumhachtaí cúnamh dlí.
- Fanann an Coimisiún ar an eolas faoi cheisteanna chearta an duine agus comhionannais atá ag teacht chun cinn agus bímid ag súil leo roimh ré.

## **TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 4:** Caighdeán an idirphlé ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a ardú agus raon an idirphlé sin a fhairsingiú

### Cuspóirí

- Cultúr láidir agus roinnte measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a éascú, lena n-áirítear trí oideachas, go háirithe tuiscint an aosa óig.
- Tuiscint ar chearta an duine mar chearta gaolmhara agus idirspleácha a chur chun cinn, le béim faoi leith ar chearta socheacnamaíocha.
- Bheith ag súil le cúrsaí roimh ré, iad a shainaithint agus aird a tharraingt orthu, ionas gur féidir leis an gCoimisiún freagairt go cuí do chúrsaí chearta an duine agus comhionannais sa Stát.

### Torthaí

- Léiríonn tomhais ar mheon an phobail go bhfuil tuiscint ar luach na héagsúlachta agus meas ar chearta an duine agus comhionannas.
- Tionchar dearfach ar dhearcthaí gach duine maidir le cearta, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha.
- Tionchar dearfach ar raon agus ar ábhar an chuir agus cúitimh phoiblí chun a chinntiú go bhfuil meas ar chearta an duine ar fud ardáin uile na meán.

## ÚSÁID ACMHAINNÍ FAOI ALT 25(2)

Agus ceanglas alt 25(2) maidir le húsáid acmhainní á chomhlíonadh, chinn an Coimisiún ar sciar suntasach dá bhuiséad a úsáid ar cheithre ghné dá chuid oibre a chur chun cinn.

### *Teacht ar cheartas a chur chun cinn*

Pé rogha théamach atá i gceist, táimid tiomanta do thacú le daoine a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach mar chuid de chosaint chearta an duine agus comhionannais do chách.

### *Cearta socheacnamaíocha*

Creidimid go bhfuil ról bunúsach ag glacadh agus feidhmiú cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha i sochaí níos cothroime, níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe a chruthú.

Táimid tiomanta do chearta socheacnamaíocha agus coimirce shóisialach gach teaghlaigh agus duine aonair a chur chun cinn. I measc réimsí téamacha na gceart socheacnamaíoch, tabharfaimid tús áite do:

- Tithíocht
- Sláinte
- Obair chuibhiúil[1]

### *Ciníochas a shárú agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn*

Tá troid i gcoinne an chiníochais agus na fuathchainte riachtanach chun glacadh éagsúlachta agus meas ar dhínit gach duine a thógáil. Táimid tiomanta do ról ceannaireachta a imirt i gciníochas a shárú agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn.

### *Míchumas*

I ndiaidh dhaingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, táimid tiomanta do Choiste Comhairleach ar Chúrsaí Míchumais a bhunú chun cur lenár ról mar an monatóir neamhspleách ar chearta daoine faoi mhíchumas sa Stát.

## TIONCHAR

Mar chuid den straitéis seo, leagamar amach cuspóirí a bhaineann lenár dtionchar freisin. Is iad na cuspóirí sin:

- Ár gcumas chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar ár gcuid oibre agus ar a tionchar a fheabhsú.
- Plé go rialta le grúpaí agus daoine aonair ar dhul chun cinn ár straitéise agus a n-aiseolas a iarraidh ar thionchar ár gcuid oibre agus na réimsí ina bhféadfaimis feabhsú.

1 Sainmhíniú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair – 2019
"Bíonn deiseanna ag baint léi d'obair atá táirgiúil agus a thugann ioncam cothrom, slándáil sa láthair oibre agus cosaint shóisialta do theaghlaigh, ionchais níos fearr d'fhorbairt phearsanta agus ionchuimsiú sóisialta, saoirse do dhaoine a n-ábhar imní a chur in iúl, eagrú agus páirt a ghlacadh sna cinntí a théann i bhfeidhm ar a saol agus comhionannas deise agus cóireála do gach bean agus fear."

# RÁITEAS ALT 42

Foráiltear le hAlt 42(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014:

Le linn do chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird aige ar an ngá atá leis na nithe seo a leanas:

a) idirdhealú a dhíbirt

b) comhionannas i ndeiseanna a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh agus sa chaoi a gcaitear leo a chur chun cinn, agus

c) cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh.

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go leagfaí amach ina Phlean Straitéiseach measúnú ar na saincheisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreideann sé atá ábhartha dá fheidhmeanna agus dá chuspóir, agus na gníomhartha atá ar bun nó a bheartaítear a chur ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Is eagraíocht ar leith é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, toisc go bhfuil cosaint agus cur chun cinn chearta an duine agus comhionannais, agus idirdhealú a dhíbirt, ag croílár ár bhfeidhmeanna agus cuspóra. Dá bhrí sin leagtar amach sa ráiteas straitéise seo ina iomláin an chaoi a mbeartaíonn an Coimisiún an sainordú sin a chur i gcrích.

Ach ní bhaineann Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine leis an méid a dhéanann comhlacht poiblí amháin, baineann sé freisin lena an gcaoi a ndéantar é. Tá roinnt feidhmeanna oibríochta ag an gCoimisiún, lena n-áirítear seirbhísí dlí a sholáthar; eolas a sholáthar don phobal faoina gcearta; feidhm rannpháirtíochta straitéisí, a mhaoirsíonn cumarsáid sheachtrach agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí; feidhm beartais agus taighde; agus feidhm seirbhísí corparáideacha, lena n-áirítear soláthar agus acmhainní daonna.

Thug an Coimisiún faoi mheasúnú ar na ceisteanna chearta an duine agus comhionannais a chreideann sé atá ábhartha d'fhorghníomhú a fheidhmeanna. Tá ról suntasach ag an gCoimisiún i rannpháirtíocht an phobail, go díreach trínár seirbhís dlí agus líne faisnéise Do Chearta, agus go hindíreach trínár ról ag méadú fheasacht an phobail. Beidh infhaighteacht ár seirbhísí a mhéadú de réir a chéile ina príomhthosaíocht don Choimisiún i rith an timthrialla straitéisigh seo, chomh maith le gníomh dearfach chun plé le grúpaí mionlaigh a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as ár gcuid seirbhísí. Forbróidh an

Coimisiún cairt chustaiméirí freisin ina léirítear ár dtiomantas do chomhionannas, éagsúlacht agus idirdhealú a dhíbirt, agus sásra gearán d'úsáideoirí ár gcuid seirbhísí a chuireann é sin san áireamh.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar a phróisis chomhairliúcháin chun a chinntiú, nuair a theastaíonn comhairliúchán, go bhfuil ár bpróiseas seasmhach, ionchuimsitheach agus bunaithe ar fhianaise. Breithneoidh an Coimisiún freisin an bhfuil deis ann chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine dá chuid a léiriú sa phróiseas soláthair, agus aird chuí ar scála soláthair an Choimisiúin agus ar a oibleagáid feidhmiú laistigh de rialacha soláthair phoiblí.

Mar fhoras náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus comhlacht náisiúnta na hÉireann um an gcomhionannas, tá sé tábhachtach go léiríonn ár n-eagraíocht an tsochaí ilghnéitheach ar a bhfreastalaímid. Mar chomhlacht poiblí, feidhmíonn an Coimisiún laistigh de na rialacha a rialaíonn earcaíocht, agus na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, atá i bhfeidhm ar an státseirbhís agus ar an tseirbhís phoiblí go ginearálta. Ach breithneoidh an Coimisiún go réamhghníomhach an chaoi a bhféadfaidh sé éagsúlacht níos mó a chur chun cinn agus a fhorbairt i measc ár gcomhaltaí foirne i rith an timthrialla straitéisigh seo.

Agus breithniú ar bun ag an gCoimisiún ar a oibleagáid chun idirdhealú a dhíbirt, agus chun cearta daonna agus comhionannas a fhoirne ar fad a chosaint agus a chur chun cinn, shainaithin an Coimisiún trí réimse théamacha a ndíreofar orthu. Is iad sin: infhaighteacht ár dtimpeallachta oibre do dhaoine faoi mhíchumas; breithniú ar chleachtais oibre chun ceisteanna a bhaineann le stádas teaghlaigh agus forais chomhionannais eile a chur san áireamh; agus cumas an lucht bainistíochta agus na foirne a thógáil chun ceisteanna chearta an duine agus comhionannais a bhainistiú sa láthair oibre.

Cuirfidh an Coimisiún tús le tuairisciú ar na gníomhartha a dhéanfar chun aghaidh a thabhairt ar na cúrsaí a sainaithníodh sa mheasúnú seo ina Thuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2019. Mar sin féin, is oibleagáid bhuan agus leanúnach é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, agus leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag déanamh monatóireachta agus tuairisciú ar a ghníomhaíochtaí chuige sin.